

## **BUALADH BOS**

*Curfá:*

*Bualadh bos, bualadh bos, bualadh bos go léir,  
Tá Daidí na Nollag teacht anois, anuas an simléar.  
Bualadh bos, bualadh bos, bualadh bos go léir,  
Tá Daidí na Nollag teacht anois, anuas an simléar.*

Tá an Nollaig buailte linn, tá áthas ins an aer,  
Tá sneachta ar an talamh, tá réalta ins an spéir,  
Táimid ag dul a chodladh, is tá ár stocaí réidh,  
Tá Daidí na Nollag teacht anois, anuas an simléar.

*Curfá.*

A Dhaidí, brostaigh ort, is cuir do mhála síos,  
Líon suas an stoca beag le feiríní arís.  
Is mithid duit imeacht suas an simléar,  
Tá páistí beaga ag feitheamh ort i ngach aon áit faoin spéir.

*Curfá*

## **TÁ DAIDÍ NA NOLLAG AG TEACHT**

Ó bígí go maith, go hiontach gach lá, Teigí a chodladh, tá 's agaibh cén fáth,  
Tá Daidí na Nollag ag teacht go luath.

Tá liosta aige, déanta faoi dhó, Is faigheann sé amach cé bhíonn dána, gan stró,  
Tá Daidí na Nollag ag teacht go luath.

Bíonn sé ag féachaint ortsa, ag éisteacht leat gach lá,  
Is muna mbíonn tú dána, beidh gach aon rud go breá.

Ó bígí go maith, ag faire amach, Teigí a chodladh, tá 's agaibh cén fáth.  
Tá Daidí na Nollag ag teacht go luath.

Le teidí beag buí, le trumpet is drum, Le rúit-í-tút-tút, is rumaí-tum-tum,  
Ta Daidí na Nollag ag teacht go luath.

Bíonn sé ag féachaint ortsa, ag éisteacht leat gach lá,  
Is muna mbíonn tú dána, beidh gach aon rud go breá.

Ó bígí go maith, ag faire amach, Teigí a chodladh, tá 's agaibh cén fáth.  
Tá Daidí na Nollag ag teacht go luath.x 2

## ÓICHE CHIÚIN I MBEITHIL FADÓ

Oíche chiúin i mBeithil fadó, i mBeithil fadó, i mBeithil fadó,  
Asal 'gus ualach ar a dhroim ag siúl faoi stró, ag siúl faoi stró,

*Curfá*

*Fuar agus tuirseach ag siúl go mall, Muire 'gus Íosaef ag siúl go mall,  
Fuar agus tuirseach ag siúl go mall, Muire 'gus Íosaef ag siúl go mall.*

Asal le Muire ara dhroim, ar a dhroim, ar a dhroim,  
As siúl an bhóthair ag lorg loistín, ag lorg loistín, ag lorg loistín .

*Fuar agus tuirseach ag siúl go mall, Muire 'gus Íosaef ag siúl go mall,  
Fuar agus tuirseach ag siúl go mall, Muire 'gus Íosaef ag siúl go mall.*

Rugadh i mainseár an oíche úd fadó, an oíche úd fadó, an oíche úd fadó,  
An leanbh álainn Íosa ó, Íosa ó, Íosa ó.

*Fuar agus tuirseach ag siúl go mall, Muire 'gus Íosaef ag siúl go mall,  
Fuar agus tuirseach ag siúl go mall, Muire 'gus Íosaef ag siúl go mall.*

## RUDOLF AN FIA RUA

Rudolf an fia rua, bhí loinnir ar a shrón chomh maith,  
Agus dá bhfeicfeá ariamh é, déarfa linn go raibh sé geal.

Bhíodh na fianna eile ag gáire is ag magadh faoi,  
Ní ligeadh siad ariamh do Rudolf, páirt a ghlacadh i gcluichí.

Oíche Nollag, cheomhar, bhán, tháinig San Nioclás;  
"Rudolf ,le do shrón gheal ghlé,  
An rachaidh tú ós comhair mo shlé?"

Bhí grá ag na fianna eile dó, is bhéic siad amach ós ard;  
"Rudolf, an Fia rua, nach ortsa bhéas an clú is cáill!"

## MUIRE

An dtógadh tú a Mhuire an Leanbh seo? An dtógadh tú a Mhuire an Leanbh seo?  
An Leanbh álainn Íosagán. An dtógadh tú an Leanbh seo?

An rachaidh tú a Mhuire chuig an mbaile beag? An rachaidh tú a Mhuire chuig an mbaile beag?  
An gcuirfidh tú síos ina mhainséar é? An rachaidh tú chuig an mbaile beag?

An ndéarfadh tú leis go bhfuil grá againn dó? An ndéarfadh tú leis go bhfuil grá againn dó?  
An leanbh beag i dó bhaclainn ó, Abair leis go bhfuil grá againn dó.

An dtógadh tú a Mhuire an Leanbh seo? An dtógadh tú a Mhuire an Leanbh seo?  
An Leanbh álainn Íosagán. An dtógadh tú an Leanbh seo?

### ÍOSA SA MHAINSEÁR

Sa stábla, sa mháinséar, tá naíonán 'na luí,  
An naíonán beag Íosa, 'bhéas fós linn mar Rí.  
Na réalta ag soilsiú, go hard ins an spéir,  
Ar an leanbh beag Íosa ina luí sa mháinséar.

Tá ciúnas mór-thimpeall, tá draíocht san aer,  
Tá aoibhneas is áthas ar an domhan go léir,  
Tá aingil na bhFlaitheas ag síor-mholadh Dé,  
Ard-mholadh do Íosa, don leanbh beag glé.

Bí linne a Íosa, bí linne go deo,  
Bí linne san oíche, bí linne sa ló.  
Tabhair grá do do pháistí, tabhair grá dúinn go síor,  
Agus bímís dílis, bímís dílis go fíor.

### RÉALT GHEAL INS AN SPÉIR

Táimid ag fanacht go fóill, Táimid ag fanacht go fóill,  
Ag fanacht leis an leanbh Íosa teacht chugainn, An leanbh álainn ó.  
*Trí Rí ag leanúint, Caspar, Melchior 's Balthasaar,*  
*Trí Rí ag leanúint, Réalt gheal ins an spéir.*

Táimid ag faire go fóill, Táimid ag faire go fóill,  
Ag faire ar réalt gheal go hard sa spéir, Tá leanbh Íosa ag teacht.  
*Trí Rí ag leanúint, Caspar, Melchior 's Balthasaar,*  
*Trí Rí ag leanúint, Réalt gheal ins an spéir.*

Táimid ag fiosrú go fóill, Táimid ag fiosrú go fóill,  
Ag fiosrú 'gus ag déanadh iontas faoi, An réalt gheall ins an spéir.  
*Trí Rí ag leanúint, Caspar, Melchior 's Balthasaar,*  
*Trí Rí ag leanúint, Réalt gheal ins an spéir.*

### OÍCHE CHIÚIN

Oíche chiúin, oíche mhic Dé, Cách 'na suan, dís araon,  
Dís is dílse, 'faire le spéir, Naíon beag gnaoi-Gheal, ceananntais caomh,  
Críost 'na codladh go séimh, Críost na codladh go séimh.

Oíche chiúin, oíche Mhic Dé, Aoirí ar dtús chuala an scéal,  
Allelúia aingeal ag glaoch, Cantain tSuairc i ngar is í gcéin,  
Críost ár Slánaitheoir féin, Críost ár Slánaitheoir féin.

## AN DRUMADÓIRÍN

Tar, a dúirt siad liom, parumpapumpum, Rí óg a fheiceáil ann, parumpapumpum  
Ár mbronntanais is fearr, parumpapumpum, A chur os comhair an Rí, parumpapumpum  
Rumpapumpum, rumpapumpum,  
Ómós a thabhairt don Rí, parumpapumpum, Is mian liom.

A Íosagaín, parumpapumpum, Is buachaillín bocht mé, parumpapumpum  
Níl féirín agam duit, parumpapumpum, A oireann do Rí óg, parumpapumpum  
Rumpapumpum, rumpapumpum,  
An seinnfidh mé Duitse, parumpapumpum, Ar an drum?

D'aontaigh Muire, parumpapumpum, D'éist bó is asal liom, parumpapumpum  
Is sheinn mé mo dhrum Dó, parumpapumpum, Rinneas mo dhícheall Dó, parumpapumpum  
Rumpapumpum, rumpapumpum,  
Rinne sé gáire liom, parumpapumpum, Mise 's an drum.

## CLUINEADH CEOL

Cluineadh Ceol ó Chór Ainglí, Siamsa Ceoil go glórach binn.  
Bhí gach aird gach má, gach sliabh, líonta lán de ghairdeas Chríost.  
*Glória in excelsis Deo.x 2*

Cad fé ndear bhur ngairdeas croí? Cad is ábhar áthais daoibh?  
Ligig' 'n scéal liom 'aoirí', Mar do craoladh é ó Dhia.  
*Glória in excelsis Deo.x 2*

Triall ar Bheithil, triall go dian, Triall go bhfeicir Dia 'na Naíon.  
Triall in éineacht linn gan mhoill, Triall go nAdhramis an Chríost.  
*Glória in excelsis Deo. X2*

## ADESTE FIDELES

Adeste fideles, Laete triumphante,  
Venite, venite in Bethlehem,  
Natum videte,  
Regam Angelorum.  
Venite Adoremus, Venite Adoremus,  
Venite Adoremus, Dominum

A chairde is dílse, tagaigí go haerach,  
Tagaigí, tagaigí go Bethlehem.  
Féach ins an stábla,  
Rí na nAingeal Glórmhar.  
Venite Adoremus, Venite Adoremus  
Venite Adoremus, Dominum

## ÍOSAGÁN

Íosagán, Íosagán, Íosagán, mo stoirín  
Íosagán, Íosagán, mo ghrá mo chroí mo stoirín..

Within a stable bleak and bare, a holy babe was born,  
To a Virgin Mary pure and fair on that first Christmas morning.  
Soft he nestles in her arms, while bells of peace are ringing  
She holds him closely snug and warm, a lullaby she's singing.

Íosagán, Íosagán, Íosagán, mo stoirín  
Íosagán, Íosagán, mo ghrá mo chroí mo stoirín..

While angels chanted "Gloria", the shepherds came before him,  
They found him in a bed of straw and knelt down to adore him,  
Wise men travelled from afar, rarest treasures bringing,  
Guided by a holy star, to find the Virgin singing.

Íosagán, Íosagán, Íosagán, mo stoirín  
Íosagán, Íosagán, mo ghrá mo chroí mo stoirín.

## WINTER WONDERLAND

Sleigh bells ring, are you listening? In the lane snow is glistening,  
A beautiful sight, we're happy tonight, walking in a Winter Wonderland.

Gone away is the a blue bird, here to stay is a new bird,  
He sing a love song, we all sing along, walking in a Winter Wonderland.  
In the meadow we can build a snowman, we'll pretend he is a Parson Brown.  
He says, " Are you married?" I'll say "no man, but you can do the job when you're in town".

Later on we'll conspire as we dream by the fire. A beautiful sight, we're happy tonight,  
Walking in a Winter Wonderland.

### WHEN A CHILD IS BORN

A ray of hope flickers in the sky.  
A tiny star lights up way up high  
All across the land dawns a brand new morn.  
This comes to pass when a child is born.

A silent wish sails the seven seas  
The winds of change whisper in the trees  
And the walls of doubt crumble tossed and torn  
This comes to pass, when a child is born

A rosy hue settles all around,  
You got to feel you're on solid ground.  
For a spell or two no-one seems forlorn.  
This comes to pass when a child is born.

It's all a dream, an illusion now.  
It must be come true sometime, soon, somehow.  
When the walls of doubt crumbles tossed and torn.  
This comes to pass when a child is born.

### RUGADH AON MHAC DÉ

Nach méanar dúinn, le dóchas inár gcroí  
On réaltóg bheag ' loinnrú ins an spéir,  
Ar fud an domhain, banú geal an lae  
Ag fógairt scéil -Rugadh Aon Mhac Dé

Bí dóchasach, tá athrú ar an tsaol  
Seo deir an ghaoth, siosarnaigh go réidh  
Ná bíodh amhras ort, 's mór í cumhacht an Rí  
Ag cur in iúl gur rugadh aon mhac Dé.

Bíonn sonas, suaimhneas ar an chroine seo  
Bíonn mothú úr, crógacht, misneach grá  
Nuair a airítear glóir na n-aingeal nglé  
Ag ceol gan stad Rugadh Aon Mhac Dé.

Ní brionglóid seo, ní h-aisling neamhda í  
Ach fírinne, fáisneis úd na bhfáidh  
Is creidimis le gliondar inár gcroí  
Gur rugadh naí, Rugadh Aon Mhac Dé.

### RUGADH AON MHAC DÉ (Ceol: When a Child is Born)

Nach méanar dúinn, le dóchas inár gcroí  
On réaltóg bheag ' loinnrú ins an spéir,  
Ar fud an domhain, banú geal an lae  
Ag fógairt scéil -Rugadh Aon Mhac Dé

A rosy hue settles all around,  
You got to feel you're on solid ground.  
For a spell or two no-one seems forlorn. T  
his comes to pass when a child is born.

Bí dóchasach, tá athrú ar an tsaol  
Seo deir an ghaoth, siosarnaigh go réidh  
Ná bíodh amhras ort, 's mór í cumhacht an Rí  
Ag cur in iúl gur rugadh aon mhac Dé.

It's all a dream, an illusion now.  
It must be come true sometime, soon, somehow.  
When the walls of doubt crumbles tossed an torn.  
This comes to pass when a child is born.

Nach méanar dúinn, le dóchas inár gcroí  
On réaltóg bheag ' loinnrú ins an spéir,  
Ar fud an domhain, banú geal an lae  
Ag fógairt scéil -Rugadh Aon Mhac Dé

## AG SIÚL LINN TRÍD AN AER

i... Ag siúl linn tríd an aer, Ar snámh linn tríd an spéir ghealaí  
Ag eitilt os a gcionn - na daoine ina luí

ii..Tá greim ró-dhocht agam, I lár na hoíche ag gluaiseacht thart  
Tig liomsa eitilt suas -in éineacht leat go hard

iii..Os cionn an domhain mhóir, Bailte beaga mar bhrianglóid'  
Na cnoic is aibhneacha na srutháin is foraois'

iv..Fa-oi dhraoíocht, béil ar leath(adh), Iontas ar leanaí  
Ó ní chreideann, éinne thíos, na hiontaisí

v...Ag tonnmharcaíocht san aer, Trí spéir ró-fhuar táimid ag snámh  
Ag fánaíocht linn gan stró - thar sléibhte oighir sa reo

vi..Ionsaí tob-ann, ruathar síos, Ar an muir ró-dhomhain  
Ollphéist ina chodladh trom - dúisithe go buan

vii..Is ag siúl linn tríd an aer, Sa spéir mheánoíche ag damhsa linn  
Beannú ag teacht ó chách - a chionn ag eitilt sinn

Ag siúl linn tríd an aer, Ag siúl linn tríd an aer

### **Walking In The Air :**

We're walking in the air, We're floating in the moonlit sky  
The people far below are sleeping as we fly

I'm holding very tight, I'm riding in the midnight blue  
I'm finding I can fly so high above with you

Far across the world, The villages go by like dreams  
The rivers and the hills, the forests and the streams

Children gaze open mouthed, Taken by surprise  
Nobody down below believes their eyes

We're surfing in the air, We're swimming in the frozen sky  
We're drifting over icy mountains floating by

Suddenly swooping low, On an ocean deep  
Rousing up a mighty monster from his sleep

And walking in the air, We're dancing in the midnight sky  
And everyone who sees us greets us as we fly

We're walking in the air, We're walking in the air

## NOEL

An Chéad Nollaig mhór, Bhí cór aingeal Dé,  
sa spéir go ceolmhar Ag fógairt dea-scéal  
'mBun cúram a dtréad bhí aoirí na mbán  
's d'airíodar an scéala dea-mhéine 'gus grá.  
Noel, Noel, Noel, Noel, Rugadh an Lá Seo Rí Iosrael.x 2

Do theoraigh an réalt Triúr éigeas gan cháim,  
Ó thíortha i gcéin, Thar sléibh is thar má:  
Ad iarraidh an Rí, Bhí na Saoithe mór chlú  
Is do lean siad de shíor An rinn réaltann Iúil  
Noel, Noel, Noel, Noel, Rugadh an Lá Seo Rí Iosrael.x 2

## DÓN OÍCHE ÚD I MBEITHIL

D'on oíche úd i mBeithil  
Beidh tagairt ar ghréin go brách  
D'on oíche úd i mBeithil  
Go dtáinig an Bréithre slán  
Tá ghríosghrúa ar spéarthaibh  
S'an talamh 'na chlúdach bán  
Féach Íosagáin sa chléibhín,  
S an Mhaighdean a dhúil le grá.

Ar Leacain liom an tsléibhe  
Go nglacann na haoirí scáth  
Nuair in oscailt ghil na spéire  
Tá teachtaire Dé ar fáil  
Céad ghlóir anois don Athair  
I bhFlaitheasaibh thuas go hard  
Is feasta fós ar talamh  
D'fhearaibh dea-mhéin síocháin.

## AOIBHNEAS DON DOMHAN

### (Joy to the World)

Aoibhneas don domhan, tá'n Tiarna linn,  
Fáiltígí roimh an Rí,  
Ullmhaígí bhur gcroí, socraígí bhur n-anam,  
Na flaithis líonta le ceol, (x2),  
Na flaithis, na flaithis geal líonta le ceol.

Glóir do Dhia, an Rí i bhfeidhm,  
Ó canaigí go hard,  
Na habhainn, na goirt, na sléibhte, cnoic is coillte,  
Ag fógairt bhreith an Rí (x2),  
Ag fógairt, ag fógairt bhreith an Rí.

Aoibhneas don domhan, tá'n Tiarna linn,  
Fáiltígí roimh an Rí,  
Ullmhaígí bhur gcroí, socraígí bhur n-anam,  
Na flaithis líonta le ceol (x2),  
Na flaithis, na flaithis geal líonta le ceol.

## Maisigí Hallaí

### (Deck the halls with boughs of holly)

Maisigí hallaí le cuileann  
Fa la la la la, la la, la  
Seo an t-am bheith meidhreach spraoiúil  
Fa la la la la, la la la la  
Gléasta 'nois in éadaí gleoite  
Fa la la la la, la la la la  
Canaimis an seancheol Nollag  
Fa la la la la, la la la la

Féach tine na Nollag romhainn  
Fa la la la la, la la la la  
Seinn an chláirseach is can curfá  
Fa la la la la, la la la la  
Bígí liom le gach aon fhocal  
Fa la la la la, la la la la  
Éistigí le scéal na Nollag  
Fa la la la la, la la la la

## **Frosty an Fear Sneachta**

Ó seo ár fear sneachta  
nach álainn an radharc é  
lena hata mór agus cota donn  
agus píopa ina bhéal

Ó seo an fear sneachta  
nach álainn an radharc é  
mar lá amháin i bhfad ó shin  
an gcreidfeá shiúil sé  
Ó seo ár fear sneachta  
Nach álainn an radharc é  
Lena hata mór agus cota donn  
agus píopa ina bhéal

Síos leis an baile beag  
Ó nach aige bhí an spraoí  
Bhí na gasúir óg rith na dhiadh ag iarraidh hata buí.

## **Nollaig Shona Daoibh go Léir**

Sneachta ag titim, I mo thimpeall,  
Páistí ag súradh, Spórt is spraoi,  
Am ar dTiarna grá mór is tuigbhéail,  
Nollaig Shona daoibh go léir

## **Cóisir Nollag**

'Ceiliúradh le chéile  
Daoine ag damhsa I rith na hOich'  
Bronntanais Dheasa agus póga mealtacha  
Nollaig Shona daoibh go léir

## **Cúrfa:**

Is muid a bhéas go meidhreach anocht,  
Mé fhéin's mo ghrá geal.  
Lámh ar lámh ag bun an chrainn  
Le haoibhneas inár n- uchtanna.  
Sneachta ag titim, I mo thimpeall,  
Páistí ag súradh, Spórt is spraoi,  
Am ar dTiarna grá mór is tuigbhéail,  
Nollaig Shona daoibh go léir

## **Cóisir Nollag**

'Ceiliúradh le chéile  
Daoine ag damhsa I rith na hOich'  
Bronntanais Dheasa agus póga mealtacha  
Nollaig Shona daoibh go léir  
Nollaig Shona daoibh go léir  
Nollaig Shona daoibh go léir

## **Ó Guimid Nollaig Shona**

Ó Guimid Nollaig Shona ,  
Ó Guimid Nollaig Shona,  
Ó Guimid Nollaig Shona ,  
Daoibh uilig go léir  
Tá nuacht mhaith linn  
Duit féin is don Rí  
O guímíd Nollaig Shona  
Agus bliain úr mhaith daoibh

Tá nuacht mhaith linn  
Duit féin is don Rí  
O guímíd Nollaig Shona  
Agus bliain úr mhaith daoibh  
Ó Guimid Nollaig Shona ,  
Ó Guimid Nollaig Shona,  
Ó Guimid Nollaig Shona ,  
Daoibh uilig go léir  
Ó Guimid Nollaig Shona ,  
Ó Guimid Nollaig Shona,  
Ó Guimid Nollaig Shona ,  
Daoibh uilig go léir

## **Ag Siúl sa Gheimhreadh sa Sneacht úr**

Buaileann clog  
Bhfuil tú ag éisteacht?  
Ar an mbealach, sneachta ag lonnú  
Radharc fíorchaoín's áthas inár gcroithe  
Ag siúl sa gheimhreadh sa sneachta úr

Níos moille arís chun tabhairt chun críche  
I mbrionglóidí I gcois na tine,  
Ag dul I mbun an tsaoil, gan eagla inár gcroithe  
Ag siúl sa gheimhreadh sa sneachta úr

Ins an chuibhreann déanann muid fear sneachta  
Agus é I gcruth an tsagairt mhóir'  
'Bhfuil sibh pósta?' 'Maise níl muid leoga  
Ach is féidir leat é a dhéanamh's tú anseo '

Buaileann clog  
Bhfuil tú ag éisteacht?  
Ar an mbealach, sneachta ag lonnú  
Radharc fíorchaoín's áthas inár gcroithe  
Ag siúl sa gheimhreadh sa sneachta úr